

[Cuir ar Cheann Litreach na Scoile]

[Ainm an fhostaí]

[Cuir isteach an seoladh]

[Cuir isteach an dáta]

[Tairiscint ar Chonradh ar Théarma Seasta mar - Cuir isteach Teideal an Phoist]

A [Ainm an fhostaí], a chara

Go raibh maith agat as ucht freastal ar an agallamh ar [Cuir isteach an dáta]. Ta áthas ar an mBord Bainistíochta ("BB") conradh ar théarma seasta mar [Cuir isteach Teideal an Phoist] sealadach a thairiscint duit dar tosach [Cuir isteach an dáta] a rachaidh sé in éag ar [cuir isteach dáta éagtha an chonartha ar théarma seasta]. Foirceannfar an conradh ar dhul in éag an téarma sheasta

Má tá sé i gceist agat glacadh leis an tairiscint seo, le do thoil sínigh an comhaontú seo, cuir dáta leis agus seol ar ais chugam é tráth nach déanaí ná [cuir isteach dáta] (an dáta freagartha) maraon le haon cháipéisíocht eile mar a iarrrtar ort anseo istigh a sholáthar. Tarraingeofar an tairiscint seo siar mura nglacfar léi laistigh den tréimhse shonraithe.

Tá an tairiscint fostaíochta seo faoi réir agus curtha de choinníoll ar a leanas: -

- a) [Tá na cáilíochtaí cuí don phost agat. Tabhair doiciméadú bunaidh lena ndéantar na cáilíochtaí seo a chruthú;]¹
- b) Tá tú saor ó aon oibleagáid dlite do thríú páirtí a d'fhéadfadh cosc a chur ort tosú sa phost ar an dáta thuasluaite nó dualgais do phost a chomhlíonadh mar is cuí;
- c) Is scoil lán-Ghaeilge an scoil seo a bhfuil sainspiorad [Caitliceach/Ilchreidmheach/Idirchreidmheach] aici agus atá faoi phátrúnacht An Fhorais Phátrúnachta. Tairiscítear an post seo duit ar an tuiscint go nglacann tú le héiteas na scoile agus go dtacóidh tú leis an éiteas sin.²
- d) Go gcomhlíonann tú scagthástáil leighis réamhfhostaíochta agus go gcríochnaíonn tú scrúdú leighis réamhfhostaíochta.³
- e) Cloífidh tú le riachtanais ghrinnfhiosriúcháin an An Bhiúró Náisiúnta um Ghrinnfhiosriúcháin mar atá ann ó am go ham.⁴
- f) Dearbhú go ndearna tú nochtadh iomlán, cruinn agus cuí ar na ceisteanna a cuireadh ort nó ar eolas a lorgaíodh le linn an phróiseas earcaíochta maidir le haon cheist a bhaineann le leas/caomhnú leanaí. Is téarma bunúsach do chuid fostaíochta é seo. Má tharlaíonn sé le linn do chuid fostaíochta nach bhfuil a leithéid de nochtadh iomlán, cruinn agus iomchuí déanta agat, láimhseálfar mainneachtain den sórt sin mar shárú ar do chonradh fostaíochta a bhféadfadh a bheith ina chúis le gníomh araíonachta suas go dtí dífhostú agus dífhostú san áireamh.
- g) Comhlíonfaidh tú rialacha, rialacháin agus beartais na scoile, Rialacha na Scoileanna Náisiúnta agus rialacháin, ciorcláin agus treoirínte an ROS;

¹ Má bhaineann.

² Scrios mar is iomchuí

³ Scrios mura bhfuil gá ann dó.

⁴ Roghnaigh an eagraíocht ábhartha mar ia iomchuí. Féach seicliosta

- h) **[Tá d'fhostaíocht leanúnach curtha de choinníoll go bhfuil ceadúnas tiomána iomlán reatha agat. Le do thoil tabhair cóip de sin].⁵**
- i) Ní mór duit gach cead fostaíochta is gá a fháil.
- j) **[Soláthraíonn tú teistiméireacht atá sásúil don scoil rud a chinnfidh sí dá lánrogha féin].⁶**

1 TÉARMA AN CHONARTHA AGUS PROMHADH

- 1.1 Beidh tú fostaithe ar conradh ar théarma seasta a rachaidh in éag ar **[cuir isteach dáta éagtha an chonartha ar théarma seasta]**.
- 1.2 Thairis sin comhaontaíonn tú nach mbainfidh forálacha na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2015 le foirceannadh do chonartha, má tharlaíonn an foirceannadh sin de bhithin dhul in éag an téarma seasta amháin anseo istigh.
- 1.3 **[Chun críocha Alt 8 de Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Socraithe) 2003, dearbhaíonn an scoil nach féidir léi conradh tréimhse éiginnte a thairiscint agus mar sin tairiscítear an [Conradh ar Théarma Seasta seo/an Conradh ar Théarma Seasta] sa bhreis seo ar na forais oibiachtúla seo a leanas:]⁷**
- [m.s. chun ionadaíocht a dhéanamh ar fhostaí atá ar saoire údaraithe ar feadh téarma seasta agus nach féidir a p(h)ost a líonadh ar bhonn buan agus é/í as láthair]⁸
- 1.4 Glacann tú leis na forais oibiachtúla agus aontaíonn tú go dtairiscítear an conradh ar bhonn téarma seasta nach féidir é a thairiscint mar chonradh tréimhse éiginnte.
- 1.5 Comhaontaíonn an scoil tú a chur ar an eolas maidir le folúntais **[rúnaíochta/airíochta/coimhdire/glantóra]** bhuana a thagann chun cinn le linn an chonartha seo. Cuirfear ar an eolas tú trí **[cuir isteach an tslí ina gcuirfidh an scoil fostaithe atá ar chonradh téarma seasta ar an eolas maidir le fholúntais bhuana]**.⁹
- 1.6 Beidh an chéad **[cuir isteach líon na míonna]** de d'fhostaíocht ina thréimhse phromhaidh Forchoimeádann a scoil an ceart an thréimhse phromhaidh seo a fhadú dá rogha féin amháin suas go huasteorainn [] mí. Féadfaidh d'fhostaíocht a fhoirceannadh le linn na tréimhse seo (nó aon fhadú di) nó ar dhul in éag aon fhadú di, de rogha na scoile, trí fhógra seachtain amháin a thabhairt i scríbhinn duit.¹⁰
- 1.7 Ní bhainfidh próiseas smachta na scoile le d'fhostaíocht ar feadh na tréimhse promhaidh nó aon fhadú den tréimhse phromhaidh sin.

2 FEIDHMEANNA AGUS DUALGAIS

- 2.1 Fostófar tú mar **[cuir isteach teideal an phoist]**. Beidh tú freagrach don phríomhoide nó do dhuine ainmnithe ag an bPríomhoide agus/nó an BB de réir mar is iomchuí. Áirítear i measc do dhualgas na dualgais sin mar a shonraítear sa sainchuntas poist i gceangal leis seo. Ní liosta uileghabhálach ná liosta ar leith do do dhualgais é seo agus féadfaidh é a leasú ó am go ham de rogha an BB féin, a d'fhéadfaidh na dualgais a athrú, iad a leasú nó dualgais eile a chur leo de réir mar is gá. Ceanglaítear ort cibé treoracha agus orduithe atá ar comhréir go réasúnach le do phost a d'fhéadfaidh an BB agus/nó an Príomhoide iad a leagan ort a chomhlíonadh. Comhlíonfaidh tú to dhualgais agus do fhreagrachtaí de réir an dlí, bheartais na scoile, na Rialacha um Scoileanna Náisiúnta agus treoracha agus Ciorcláin an ROS.

⁵ **Má bhaineann.**

⁶ **Scríos mar is iomchuí**

⁷ **Scríos mar is iomchuí**

⁸ **Murab é an foras oibiachtúil ar fáil sna samplaí thuasluaite, cuir isteach an foras oibiachtúil ábhartha agus scríos mar is iomchuí.**

⁹ **Scríos mar is iomchuí**

¹⁰ **Ní cheart ó 11 mí a shárú agus ní mór dó a bheith níos lú giorra ná fad an chonartha ar théarma seasta.**

- 2.2 Comhaontaíonn tú thairis sin go rachaidh tú faoi/go nglacfaidh tú páirt in aon thraenáil a d'fhéadfaidh bheith ag teastáil ón scoil ó am go ham.

3 UAIRE OIBRE

- 3.1 Is iad d'uaire oibre **[cuir isteach líon iomlán na n-uaire]** in aghaidh na seachtaine. Is iad d'uaire oibre ná [] go dtí [] ó **[cuir isteach an lá]** go **[cuir isteach an lá]**. **[Cuir isteach líon na n-uaire in aghaidh an lae, na laethanta oibre].** ¹¹
- 3.2 Ceanglaítear ort do chúram lán-aimseartha agus do chumais a dhíriú ar do dhualgais le linn uaire oibre gníomhú chun leas na scoile i gcónaí. Fad is a bheidh tú fostaithe ag an BB, ní ceadmhach duit, gan a réamhthoill i scríbhinn, bheith ar aon chaoi, go díreach nó go hindíreach páirteach in aon ghnó nó aon ghnóthas más rud é gur dócha go mbeidh sé seo i gcoimhlint le leas na scoile agus/nó go gcuirfidh sé isteach ar do chuid oibre in aon chaoi. In aon chás ní mór duit cinntiú nach sáraíonn líon d'uaire oibre le chéile líon iomlán 48 uair in aghaidh na seachtaine i gcomhréir le hAcht um Eagrú ama 1997. Féadfaidh do chonradh fostaíochta a fhoirceannadh i gcás go sáróidh d'obair, nuair a dhéanfar í a ríomh san iomlán, na teoranta dá bhforáiltear in Acht um Eagrú Ama Oibre.
- 3.3 Tá tú i dteideal sosanna **[neamhíochta] [cuir isteach líon na nóiméad]** de **[cuir isteach fad agus am na sosanna]** Tabharfar do shosanna i gcomhréir le hAcht um Eagrú Ama Oibre 1997, Mura bhfaigheann to do shosanna téigh i dteagmháil leis an bPríomhoide. ¹²
- 3.4 De réir an Achta um Eagrú Ama Oibre 1997 beidh tú i dteideal tréimhse sosa laethúla 11 uair ar a laghad i ngach tréimhse 24 uair. agus tréimhse sosa seachtainiúil 24 uair ar a laghad in aghaidh gach tréimhse leanúnach seacht lá nó dhá thréimhse sosa 24 uair in aghaidh gach coicíse, a bhfuil tréimhse sosa laethúil rompu.
- 3.5 Féadfaidh an córas uainchláir maidir le huaire oibre/maoirseachta a athrú de rogha an BB. D'fhéadfaí go mbeidh ort ragobair a dhéanamh de réir riachtanas na scoile ó am go ham. Chomh maith leis sin d'fhéadfaí go mbeidh ort saoirí poiblí nó deiridh seachtaine a obair ó am go ham.
- 3.6 Aontaíonn tú leis seo go gcomhoibreoidh go hiomlán chun cabhrú leis an scoil taifid chruinne a choinneáil ar d'uaire oibre chun críocha Acht um Eagrú Ama Oibre. Ní mór duit bileog thinrimh a shíniú agus nuair a shroicheann tú an áit oibre agus nuair a fhágann tú í.

4 IONAD OIBRE

- 4.1 Is í an **[scoil/an t-iompras scoile]** an gnáthionad oibre. ¹³
Féadfaidh go mbeidh ceangal ort bheith ag obair agus/nó ag taisteal lasmuigh den gnáthionad oibre ó am go ham. I gcásanna den sórt sin, féachfaidh an scoil leis an méid fógra is indéanta le réasún a thabhairt duit. D'fhéadfaidh cásanna a bheith ann áfach nuair nach mbeidh sé indéanta an fógra sin a thabhairt duit.
- 4.2 **[Tá ceanglas ort cinntiú go bhfuil an oifig, trealamh na hoifige, taifid srl. daingean i gcónaí. Tá ceanglas ort freisin an Príomhoide a chur ar an eolas nuair a athraítear do shonraí logáil isteach don ríomhaire/aon phasfhocal eile.]** ¹⁴
- 4.3 **[Tabharfar áit stórais duit chun trealamh oibre agus ábhair eile a stóráil agus beidh cóip den eochair den áit stórais seo ag an bpríomhoide freisin]** ¹⁵

¹¹ **Cuir isteach líon na n-uaire in aghaidh an lae, na laethanta oibre agus na sosanna.**

¹² **Féadfaidh sosanna bheith neamhíochta.**

¹³ **I gcás coimhdire bus, luaigh iompras scoile mar ionad oibre. I gcás foireann eile scoile, cuir isteach an scoil anseo le do thoil.**

¹⁴ **I gcás post rúnaíochta cuir isteach an fhocláiocht seo.**

¹⁵ **I gcás glantóra/airígh/fostaí eile cuir an fhocláiocht seo isteach má bhaineann.**

5 LUACH SAOTHAIR

- 5.1 Is é do thuarastal comhlán bliantúil €[cuir isteach an méid]. Íocfar é seo ar bhonn [míosúil/seachtainiúil] i riaráistí trí aistriú creidmheasa agus beidh sé faoi réir gach asbhaint reachtúil agus comhaontuithe.¹⁶
- 5.2 **[Níl tú i dteideal aon íocaíocht sa bhreis as ragobair] nó [ní bhainfidh íocaíocht as ragobair ag le hobair laistigh de d'uaire oibre le cheadú follasach an Phríomhoide agus/nó an BB agus de réir bheartas ragoibre na scoile a sheolfar chugat é faoi chlúdach ar leith.] nó féadfaidh tú am saor in ionad a fháil de rogha an BB amháin de réir bheartas na scoile i leith am saor in ionad a sheolfar chugat é faoi chlúdach ar leith.]¹⁷**
- 5.3 Glacfaidh tú leis agus aontóidh tú leis go bhfuil an ceart ag an scoil aon mhéid airgid atá aici ort , a asbhaint ó do phá, lena n-áirítear ach nach bhfuil sé teoranta do, aon ró-íocaíocht nó aon iasacht atá déanta ag an scoil leat, nó aon chaillteanas don scoil atá mar thoradh ar fhaillí de do chuid nó sárú de do chuid ar rialacha na scoile.
- 5.4 **[Aisíocfaidh an scoil gach caiteachas réasúnta agus deimhnithe a chaitheann tú chun gnó a dhéanamh ar son na scoile de réir bheartas na scoile i leith caiteachais, a sheolfar chugat é faoi chlúdach ar leith]¹⁸**

6 LAETHANTA SAOIRE

- 6.1 Is í bliain saoire na scoile ná tús na scoilbhliana ábhartha go dtí deireadh na scoilbhliana sin. De ghnáth, sin ó thús mhí Mheán Fómhair go deireadh mhí Lúnasa. Beidh teidlíocht ann leas a bhaint as laethanta saoire poiblí reachtúla le hAcht um Eagrú ama 1997.
- 6.2 **[Beidh tú i dteideal saoire bhliantúil de réir an Achta um Eagrú Ama Oibre 1997] nó [cuir isteach líon na laethanta]** Ní mór saoire bhliantúil a thógáil le linn shaoire na scoile. Forchoimeádan an scoil an cheart saoire bhliantúil a thógáil ar laethanta sonraithe. Is ag an bPríomhoide/agus/nó an BB an cinneadh deiridh maidir le leithdháileadh saoire. Beidh ceanglas ort **[cuir isteach líon na laethanta]** lá do theidlíocht ar shaoire bhliantúil a thógáil i mí Iúil agus mí Lúnasa le linn laethanta saoire na scoile. Ní ceadmhach níos mó ná **[cuir isteach líon na laethanta]** lá a thógáil i ndiaidh a chéile. Beidh ceanglas ort fógra ceithre seachtaine ar a laghad a thabhairt i leith laethanta saoire an tsamhraidh agus fógra seachtain amháin a thabhairt i laethanta saoire bliantúla eile.^{19 20}
- 6.3 Ní mór do theidlíocht do shaoire bhliantúil a thógáil le linn na scoilbhliana ábhartha agus ní chadaítear do laethanta saoire nár tógadh iad a thabhairt isteach sa bhliain ina diaidh ach i gcásanna fíor-eisíocha agus le ceadú na scoile.
- 6.4 Má chuirfear tús le d'fhostaíocht nó má fhoirceannfar í le linn na scoilbhliana, déanfar do theidlíocht ar shaoire bhliantúil le linn na bliana sin a mheas ar bhonn pro rata. Ma tharlaíonn sé, le linn fhoirceannadh d'fhostaíochta, gur rinneadh do theidlíocht ar shaoire bhliantúil a shárú, asbhainfear an fuíollach ón méid a bheidh dlite ag an scoil duit.
- 6.5 **[Beidh tú i dteideal lá saoire íochta d'Aoine an Chéasta freisin.]²¹**

7 SAOIRE, TINNEAS AGUS FÓGRA NEAMHLÁITHREACHTA

- 7.1 Má bhíonn tú as láthair ó obair ar chúis ar bith ní mór an Príomhoide a chur ar an eolas laistigh de tríocha nóiméad roimh d'am tosaithe, ar an gcéad lá den

¹⁶ **Cuir isteach an méid**

¹⁷ **Scríos mar is iomchuí Má bhaineann ragobair nó am in ionad, ba chóir go mbeadh beartas ag ans BB ina leith.**

¹⁸ **Tá an clásal seo roghnach. Scríos mar is iomchuí**

¹⁹ **Nóta: Ní féadfaidh líon na laethanta bheith níos lú ná líon na laethanta lena bhfuil fostaí i dteideal de réir an Achta um Eagrú Ama Oibre 1997.**

²⁰ **Scríos an tagairt do laethanta pribhléide mura bhfuil ann.**

²¹ **Tá an clásal seo roghnach os rud é nach saoire phoiblí í Aoine an Chéasta. Mura lá saoire íochta é seo ba cheart an clásal a scríos.**

neamhláithreacht agus gach lá dá héis sin. Má bhíonn tú as láthair mar gheall ar bhreiteacht, ní mór teastas ó liachleachtóir cáilithe ina luaitear cúis leighis do neamhláithreachta a thabhairt i ndiaidh trí lá leanúnacha de neamhláithreacht agus ar bhonn seachtainiúil ina dhiaidh sin. Nuair a leanann neamhláithreacht de bharr breiteachta ó Aoine go Luan, an dá lá san áireamh, ní mór teastas dochtúra a thabhairt.

7.2 I gcás go mbeidh tú as láthair de bharr breiteachta, féadfaidh an scoil ceanglas tú a chur faoi scrúdú liachleachtóra nó sainchomhairleoir míochaine arn roghnú aici agus údaraíonn leis seo do liachleachtóir údaráithe nó do shainchomhairleoir míochaine dá leithéid torthaí a scrúduithe a nochtadh don scoil agus go mbeidh an ceart ag an scoil braith ar thuairim an dochtúra neamhspleách maidir le do chumas do dhualgais a chomhlíonadh a mheas.

7.3 **[Faoi réir do thréimhse phromhaidh agus aon fhadú uirthi a chríochnú go sásúil, beidh tú i dteideal bheith rannpháirtíoch i scéim bhreiteachta na scoile faoi réir rialacha na scéime sin mar a leasófar iad ó am go ham. Ní bheidh teidlíocht ar phá breiteachta le linn [cuir isteach uimhir] mhí de sheirbhís. Tá foráil sa scéim reatha go n-íocfar pá breiteachta (lúide na hasbhaintí cuí i leith íocíochtaí leasa shóisialaigh) i ndiaidh [cuir isteach líon na míonna] de sheirbhís leanúnach, suas go teorann uasta [cuir isteach líon na seachtainí] in aon thréimhse [cuir isteach líon na míonna] de sheirbhís ar an gcoinníoll go bhfuil an neamhláithreacht deimhnithe i gceart ach nach bhfuil fianaise ar aon mhíchumas buan ann chun seirbhíse. Nuair a shroictear an teorann uasta, ní féidir pá breiteachta a atosú le linn na neamhláithreachta céanna. Ní áirítear saoire bhreiteachta mar sheirbhís incháilithe do shaoire bhreiteachta íoctha sa bhreis. Íoctar pá breiteachta faoi rogha na scoile amháin agus faoi réir scéim shaoire bhreiteachta na scoile. Forchoimeádan an scoil an ceart an saoire bhreiteachta a athrú/a fhoirceannadh dá rogha féin amháin.**

NÓ

1.1 [Níl scéim saoire bhreiteachta ag an scoil]. Má bhíonn tú as láthair ón scoil de bharr breiteachta, ní mór duit dul i dteagmháil leis an an Roinn Coimirce Sóisialaí chun do theidlíochtaí a aimsiú]. ²²

7.4 **1.23 [Má tharla d'éagumas de bharr faillí inchaingne thríú páirtí a d'fheadfadh damáistí a bheith inghnóthaithe sa Chúirt ina leith, cuirfidh tú an scoil ar an eolas maidir leis agus maidir le haon éileamh, aon chomhréiteach, aon socraíocht nó aon bhreithiúnas i dtaca leis sin agus tabharfaidh tú gach sonraí i ndáil leis a theastódh an scoil go réasúnta. In imthosca sin is iasachtaí ón scoil duit, gach luach saothair a thug an scoil duit faoina scéim bhreiteachta, nó íocaíochtaí déanta ag an scoil le haon tríú páirtí lena n-áirítear íocaíochtaí i leith ranníocaíochtaí, pinsin, ioncam, nó eile, cáin agus ranníocaíochtaí árachas sóisialach pá-choibhneasa i leith do luach saothair, a mhéid go bhfuil cúiteamh inghnóthaithe ón tríú páirtí sin, agus aisíocfar iad nuair a ghnóthann tú cúiteamh ar chailleadh tuillimh ón tríú páirtí sin, cibé trí éileamh, trí chomhréiteach, trí shocraíocht nó trí bhreithiúnas. ²³**

8 PINSEAN

8.1 [Níl scéim pinsin ag an scoil] Ach, tá [cuir isteach ainm an tsoláthraí CPCS] ainmnithe ag an scoil chun Cuntais Phearsanta Coigiltis Scoir (CPCS) a sholáthar d'fhostaithe Cé go bhfuil a scoil sásta asbhaintí a dhéanamh ar do thuarastal agus íocaíochtaí a dhéanamh le [cuir isteach ainm an tsoláthraí CCSP], ní bheidh an scoil ag déanamh ranníocaíochtaí.

NÓ

²² **Cuir isteach más iomchuí**

²³ **Ba cheart an clásal seo a scrios mura bhfuil scéim bhreiteachta ag an scoil.**

1.2 [Cuir isteach sonraí na scéime pinsin. Cé go bhfuil sé i gceist ag an scoil leanúint le feidhmiú na scéime reatha gan teorann ama, ní mór di mar chuid dá stuamacht airgeadais a ceart a fhorchoimeád an scéim a athrú nó í a fhoirceannadh dá rogha féin]²⁴

1.3 [Cuir isteach sonraí aon tairbhe eile más ann.]²⁵

9 SCOR

Rachaidh an Comhaontas seo in éag go huathoibríoch gan aon cheart fógra nó cúiteamh a fháil nuair a shroichfidh tú 65 bliain. Is é an bonn cirt oibiachtúil don aois scoir ná gur mian leis an scoil struchtúr aoise cothrom i measc a fostaithe a bhunadh.²⁶

10 BEARTAIS AGUS NÓSANNA IMEACHTA

10.1 Cuirfear cóipeanna de bheartais agus nósanna imeachta iomchuí na scoile ar fáil duit. D'fhonn amhras a sheachaint, ní doiciméid chonartha iad seo agus féadfar iad a leasú agus/nó iad a mhalartú de rogha an BB.

11 CIONTA

11.1 Beidh d'fhostaíocht i gcónaí faoi réir an choinníll nach mbeidh tú páirteach in aon choiriúlacht nó nach gciontófar tú i gcion coiriúil [**seachas cionta achoimre faoi Achtanna um Thrácht ar Bhóithre nó gur cion é nach gcuirfidh sé isteach ar do phost i dtuairim réasúnta an BB.**] Thairis sin beidh tú fostaithe faoin gcoinníoll go gcloífidh tú le riachtanais ghrinnfhiosriúcháin An Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosriúcháin as seo amach.²⁷

12 COMHAONTUITHE COMHCHOITEANNA

12.1 Níl aon chomhaontuithe comhchoiteanna ann a bhaineann le d'fhostaíocht

13 COSAINT SONRAÍ

13.1 Coimeádfaidh an scoil eolas pearsanta fút a bheidh faoi réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 – 2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Tríd an gcomhaontú seo a shíniú tugann tú toiliú sainráite (faoi mar a shainmhínítear sna hachtanna) do BB do shonraí pearsanta agus íogair a phróiseáil, de láimh nó go leictreonach, chun críocha a bhaineann le riaradh agus bainistíocht d'fhostaíochta agus/nó le gnó na scoile lena n-áirítear críocha an ghrinnfhiosraithe mar a bheidh ann ó am go ham. Is chun críocha riarachán agus bainistíocht d'fhostaíochta agus/nó gnó na scoile (lena n-áirítear chun críocha grinnfhiosriúcháin mar a bhíonn ann ó am go ham) a dhéanann an BB do shonraí pearsanta agus íogaire a phróiseáil de láimh agus go leictreonach agus chun oibleagáidí dlíthiúla na scoile a chomhlíonadh.

13.2 Déileáilfidh an scoil le gach sonraí pearsanta/íogair go rúnda agus ní dhéanfaidh sí iad a úsáid ná iad a phróiseáil ach chun críocha dleathacha. Cinnteoidh an scoil go mbeidh an t-eolas cruinn, cothrom le dáta agus nach gcoimeádfar é ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá. Cuirfear beartais i bhfeidhm chun na sonraí a chosaint ó phróiseáil neamhúdraithe nó mídhleathach agus ó chailteanas ó mhilleadh agus ó dhochar tionóisceach.

14 RÚNDACHT

²⁴ **Scríos mar is iomchuí**

²⁵ **Scríos an clásal seo mura bhfuil aon tairbhe eile.**

²⁶ **Ní mór macnamh a dhéanamh ar í seo a ardú i gcomhréir ardú ar aois an phinsin stáit. Thairis sin, ní mór macnamh a dhéanamh maidir leis an mbaineann an aois scoir le gach fostaí, m.s. d'fhéadfadh aois scoir níos sine a bheith ag airíoch.**

²⁷ **Scríos an tagairt do eisiamh ar chionta tráchta bóthair a d'fhéadfadh a bheith ábharach don phost áirithe m.s. airíoch.**

- 14.1 Ní mór duit aon eolas rúnda a bhaineann in aon chaoi leis an scoil le daltaí le tuismitheoirí/caomhnóirí, le daoine den teaghlach srl, a choimeád rúnda agus gan an t-eolas sin a phlé le haon duine nach bhfuil i dteideal an t-eolas céanna a fháil. Ní fhéadfaidh tú aon eolas rúnda a bhaineann leis an scoil, lena daltaí, lena tuismitheoirí/caomhnóirí, lena fostaithe, a bhfuil oibleagáid rúndachta ag an scoil d'aon tríú páirtí ina leith le linn d'fhostaíochta nó ina dhiaidh seachas i gcúrsa ceart d'fhostaíochta nó mar a cheanglaítear trí reachtaíocht.
- 14.2 Ní cheadmhach duit aon doiciméad ná sealúchas ar leis an scoil iad ná a bhfuil aon eolas rúnda iontu a thógáil ón scoil gan réamhúdarú cuí a fháil.
- 14.3 Nuair a iarraidh an scoil é agus in aon chaoi ar fhoirceannadh d'fhostaíochta, ní mór duit gach doiciméad agus sealúchas ar leis an scoil iad nó a bhfuil eolas rúnda iontu nó a thagraíonn d'eolas rúnda agus atá i do sheilbh nó faoi do smacht, a thabhairt ar ais don scoil.
- 14.4 Comhaontaíonn tú gan aon ráiteas ná ábhar ar bith maidir leis an scoil a rá ná é a fhoilsiú gan réamhchead sainráite an Phríomhoide agus/nó an Chathaoirigh.
- 14.5 Ní déarfadh tú agus ní fhoilseoidh tú aon ráiteas ná ábhar ar bith maidir leis an scoil, atá bréagach, míthreoiréach nó ar dóigh dó díobháil a dhéanamh don scoil agus go háirithe ní thabharfaidh tú le fios go bhfuil baint agat leis nó fostaithe ag an scoil in aon slí i ndiaidh fhoirceannadh d'fhostaíochta.

15 **MAOIN INTLEACTÚIL**

- 15.1 Beidh aon mhaoin intleachtúil a bhfaighidh tú, a dhéanfaidh tú, a fhorbróidh tú go díreach nó go hindíreach le linn do chuid fostaíochta leis an scoil, i ndáil leis an scoil nó a bhaint dá laghad léi faoi úinéireacht iomlán na scoile agus sannann tú don scoil leis seo gach ceart maoine intleachtúla i leith na maoine intleachtúla sin ar feadh a dtéarma iomlán ar fud an domhain.

16 **ÚSÁID TEILEAFÓIN/IDIRLÍN/RÍOMHPHOIST**

- 16.1 Is gá don scoil a leasanna a chosaint trí mhonatóireacht a dhéanamh ar úsáid ríomhairí agus ar gach cumarsáid ar a líonraí príobháideacha (lena n-áirítear líonraí teileafóin, córais ríomhphoist agus úsáid idirlín). Tuigfidh tú agus glacfaidh tú leis go mbaileoidh an scoil eolas ar gach cuntas úsáideora idirlín agus ar ghníomhaíocht ríomhphoist agus go ndéanfar am t-eolas seo a athbhreithniú go tréimhsiúil ag foireann údaraithe chun cinntiú go gcloífidh an fhoireann le beartas úsáid idirlín na scoile agus chun aon úsáid neamhúdaraithe de ríomhairí na scoile a aimsiú. D'fhéadfadh sárú ar bheartas úsáid idirlín na scoile nó aon úsáid neamhúdaraithe de ríomhaire scoile a bheith ina chúis le gníomh araíonachta suas go dtí dífhostú agus dífhostú san áireamh.

17 **NÓSANNA SMACHTA**

- 17.1 Bainfidh an scoil úsáid as Nós Smachta na scoile i gcásanna gnímh araíonachta. Ar deireadh, d'fhéadfadh dífhostú a bheith mar thoradh ar shárúithe leanúnach nó ar feidhmíocht oibre easnamhach Bainfidh na nósanna atá i gceangal leis an gconradh seo, d'fhéadfadh an BB áfach, dár rogha féin, na nósanna seo a athrú ó am go ham. Ní chuid de do chonradh iad na nósanna seo.

18 **SÁBHÁILTEACTH, SLÁINTE AGUS LEAS**

- 18.1 Déanfaidh an scoil gach beart atá indéanta le réasún chun do shábháilteacht, do shláinte agus do leas a áirithiú le linn duit bheith i mbun oibre. Geallann tú chomh maith gach cúram réasúnta a ghlacadh i leith do shábháilteacht féin agus sábháilteacht do chomhghleacaithe agus aon daoine eile a dhéanfaidh do ghníomhartha nó do neamhghníomhartha difear a dhéanamh dóibh.
- 18.2 Glacann tú leis seo go gcomhoibreoidh go hiomlán chun cabhrú leis an scoil, le do chomhghleacaithe agus le haon daoine eile go feadh cibé méid is a chuirfidh sé ar chumas na scoile, a fostaithe, a sheirbhíseach agus gach duine iomchuí eile chun forálacha den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 a

chomhlíonadh. Ceanglaítear ort cloí le treoracha sláinte agus/nó le treoracha sábháilteacht táirgí a eiseoidh an scoil agus go gcaithfidh tú éadaí sláinteacha nó cosanta má éilíonn an scoil agus/nó an Príomhoide agus nuair a éileoidh sé ort.

- 18.3 Ceanglaítear ort tú féin a chur ar an eolas maidir le beartas sláinte agus sábháilteachta na scoile a sheolfar chugat é i gclúdach ar leith.

19 ASLEAGAN/OBAIR GHEARR-AMA

- 19.1 Forchoimeádann an scoil an ceart, in imthosca nach bhfuil neart aici orthu, tú a asleagan ó obair nó d'uaire oibre a laghdú i gcás nach féidir léi tú a choinneáil i bhfostaíocht ná i bhfostaíocht lánaimseartha. Gheobhadh tú an méid fógra is indéanta roimh a leithéid d'asleagan nó gearr-ama. Ní íocfar tú le linn na tréimhse asleagan agus ní íocfar tú ach as na huairé a oibríonn tú le linn tréimhsí gearr-ama.

²⁸

20 FOIRCEANNADH FOSTAÍOCHTA

- 20.1 I gás go mbeidh d'fhostaíocht foirceanta ag an scoil, seachas in imthosca ina dtugtar bonn cirt d'fhoirceannadh láithreach d'fhostaíochta, tú i dteideal fógra i gcomhréir fhorálacha An tAcht Um Fhógra Íosta Agus Téarmaí Fostaíochta; 1973 - 2005. I gcás go bhfuil sé i gceist agat éirí as d'fhostaíocht, ní mór duit fógra [Cuir isteach líon na seachtainí] a thabhairt i scríbhinn don scoil. ²⁹

- 1.4 Forchoimeádann an scoil an ceart aon tuarastal agus aon tairbhe a bhfuil teidlíocht chonarthatrach nó reachtúil agat orthu le linn na tréimhse fógra sin a íoc leat in ionad fógra.

- 20.2 Féadfaidh an scoil d'fhostaíocht a fhoirceannadh tráth ar bith:

- má tharlóidh sé duit bheith mímhheabhrach;
- mura bhfuil tú in ann do dhualgais a chomhlíonadh de bharr breoiteachta;
- má tharlóidh sé duit bheith neamhinniúlach agus/nó
- má tharlóidh sé duit bheith éagumasaithe i leith do dhualgais a chomhlíonadh.

- 20.3 Forchoimeádann an scoil a ceart réamhfhógra a fháil a tharscaoileadh de bhun an chláisail seo.

- 20.4 Thairis sin forchoimeádann an scoil ceangal a chur ort gan freastal ar an scoil le linn aon tréimhse fógra, nó ina ionad sin ceangal a chur ort aon dualgas agus aon fheidhm a fhorordóidh an Príomhoide le linn na tréimhse seo.

- 20.5 Ní choiscfidh aon ní sa chomhaontas seo ar cheachtar páirtí tréimhse fhógra atá níos lú a thabhairt i gcás go gcomhaontaítear go frithpháirteach é.

- 20.6 Ar fhoirceannadh d'fhostaíochta d'fhonn cúis d'aon sórt, tabharfaidh tú ar ais don scoil go pras, aon sealúchas ar leis an scoil nó ar le tríú páirtí é atá i do sheilbh thar ceann na scoile. Folaíonn sé seo ach ní bheidh sé teoranta do, threalamh, chomhaid, chomhfhreagras, shonraí, pháipéir, tuairiscí, doiciméid (cibé foirm ábharach ina bhfuil siad agus cibé cineál), dioscaí, Comhaid Ríomhaire agus ríomhchláir, taifid (lena náirítear taifid daltaí) agus aon fhoirm eile de stóras sonraí, gach cóip den chéanna, agus aon ríomhaire glúine, fón soghluaiste, bata cuimhne, gléas stórála sonraí, eochracha, agus aon rud eile atá i do sheilbh agus/nó faoi do smacht.

21 NÓS CASAOIDE

- 21.1 Ar mhaithe le cothroime agus le ceartas agus chun feidhmiú ceart ghnó na scoil a áirithiú, is gá d'fhorálacha áirithe chun déileáil le ceisteanna casaoide, mar a leanas:

- 21.1.1 Má bhíonn aon chás casaoide agat, a mheasann tú gur cúis mhaith casaoide í ar aon shlí i leith d'fhostaíochta, tá ceart agat go n-éistfidh an Príomhoide leis ag braith ar na himthosca. Má bhíonn tú míshásta le toradh na héisteachta féadfaidh tú achomharc a lorg ó Chathaoirleach an BB.

²⁸ **Má leagtar an fostaí as obair gach samhradh agus do thréimhsí eile ní mór é seo a lua. Ní mór a lua nach n-íocfar an fostaí le linn na tréimhse/dtréimhsí asleagain seo**

²⁹ **Cuir isteach líon na seachtainí**

Féadfaidh duine de do rogha féin nó ionadaí aontais a bheith i do thionlacan ag an éisteacht achomhairc seo.

- 21.1.2 I gcás na réiteofar an cheist go himmheánach feadfaidh déileáil leis an gceist trí ghnáthnósanna caidrimh tionscail
- 21.1.3 Aontaítear nach dtarlóidh stailc, ná frithdhúnadh nó aon fhoirm de ghníomhaíocht thionsclaíoch eile ar thaobh ceachtar páirtí go dtí go mbeidh na nósanna thuasainmnithe spíonta.

22 DLÍ RIALAITHE

- 22.1 Beidh d'fhostaíocht i gcónaí agus go huile agus go hiomlán faoi rialú dhlíthe na hÉireann agus faoi réir dhlínse eisiach chúirteanna na hÉireann.

23 TARSCAOILEADH

- 23.1 Aon tarscaoileadh a thabharfaidh ceachtar páirtí d'aon sárú ar théarmaí ar fhorálacha nó ar rialacha an chonartha seo nó toiliú d'aon ghníomh (cibé acu trí ghníomh nó trí neamhghníomh) murach toiliú den sórt sin a d'fhéadfadh bheith ina shárú mar a dúradh ní hionann an tarscaoileadh sin agus tarscaoileadh ginearálta ar théarma, ar fhoráil nó ar choinníoll den sórt sin nó ar aon ghníomh dá héis sin a bheidh contrártha leis sin.

24 CLÁSAL SCARTHA

- 24.1 Is ar mhaithe le háisiúlacht agus mar áis thagartha na ceannteidil clásal anseo agus ní chuirfidh siad isteach ar bhrí, ar léiriú ná ar chur le chéile díobh sin. Meastar gur clásal faoi leith, inscartha agus neamhspleách ar gach clásal eile sa chonradh seo gach clásal den chomhaontas seo. I gcás go measfar aon chúnant nó aon fhoráil a bheith ar neamhní go hiomlán nó go páirteach ar chúis ar bith, ní chuirfidh neamh-in-fhorghníomhacht den sórt sin isteach ar in-fhorghníomhíocht nó ar bhailíocht na gcúnant nó na bhforálacha a bheidh fágtha agus measfar aon chúnant nó aon fhoráil den sórt sin atá ar neamhní nó atá neamh-in-fhorghníomhach a bheith inscartha ó aon chúnant nó aon fhoráil nó cuid díobh istigh anseo.

25 SONRAÍ FOSTAÍOCHTA

- 25.1 Leagtar amach téarmaí agus coinníollacha d'fhostaíochta sa chomhaontas seo agus aontaíonn tú gur leorshonraí den chaidreamh fostaíochta iad na forálacha de bhun oibleagáidí an fhostóra faoi Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994–2014, an tAcht Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2018 agus faoi aon reachtaíocht ábhartha.

26 ATHRUITHE AR THÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

- 26.1 Forchoimeádann an scoil a cheart athruithe réasúnta a dhéanamh ar agus/nó téarmaí agus coinníollacha d'fhostaíochta a athrú. Cuirfear mionathruithe sonraí in iúl duit trí litir a sheoladh chugat. Ní thabharfar níos lú ná fógra mí amháin i scríbhinn duit d'aon athruithe suntasacha.

27 COMHAONTAS IOMLÁN

- 27.1 Is ionann an comhaontas seo agus an comhaontas iomlán idir na páirtithe leis seo agus sáraíonn sé agus déanann sé ionad ar gach (má tá ann) tairiscint, tuiscint, uiríoll agus/nó comhaontas leis an scoil maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le d'fhostaíocht agus foirceantair iad leis seo.

Má bheartaíonn tú glacadh leis na téarmaí agus na coinníollacha atá leagtha amach sa litir seo agus ina ceangaltáin, sínigh an chóip atá ina ceangal leis seo le do thoil agus seol ar ais í chuig Cathaoirleach an BB faoin dáta freagartha.

Má theastaíonn soiléiriú uait ar aon ábhar a bhaineann leis seo, le do thoil ná bíodh drogall ort dul i dteagmháil liom.

Is mise le dúthracht

Cathaoirleach, Bord Bainistíochta

Glacaim leis seo le tairiscint ar phost ar théarma seasta na scoile mar atá leagtha amach ina litir dar dáta **[cuir isteach dáta]** gur cóip í seo. Dearbhaím thairis sin nach bhfuilim ag glacadh leis na téarmaí agus coinníollacha seo ar iontaoibh aon uiríoll no aon bharánta nach bhfuil leagtha amach sa litir sin.

Siniú

Dáta

PRÓISIS SMACHTA NA SCOILE

Céim 1 Rabhadh ó Bhéal

- 1.5 Tabharfaidh an Príomhoide rabhadh ó bhéal duit i leith ghné shonraithe d'oibre nó d'iompair atá faoi bhun an chaighdeáin, luafaidh sé/sí go soiléir gur rabhadh é seo agus tabharfar comhairle maidir le feabhsúcháin, ar gá dóibh iad a chomhlíonadh. Tabharfar an rabhadh duit i láthair d'ionadaí seachas go ndiúltaíonn tú don deis ionadaí a bheith i láthair. Déanfar an rabhadh seo a thaifeadadh i do chomhad agus mairfidh sé beo ar feadh 6 mhí nach n-agrófar é faoin bpróiseas smachta má chuirtear i bhfeidhm na feabhsúcháin is gá agus má choinnítear leo le linn na tréimhse seo.

Céim 2 an Chéad Rabhadh Scríofa

- 1.6 I gcás go dteipeann ort an feabhsúchán a dhéanamh nó nach gcoinníonn tú leis, eagróidh an Príomhoide cruinniú leat. Tabharfar fógra cúig lá ar a laghad duit i scríbhinn i leith an chruinnithe. Luafar feidhm an chruinnithe agus cineál sonraithe na ngearán san fhógra mar aon le haon cháipéisíocht tacaíochta. Féadfaidh d'ionadaí a bheith i do thionlacan ag an gcruinniú. Tabharfar deis duit freagra a thabhairt agus do sheasamh a lua ag an gcruinniú. Tar éis machnamh a dhéanamh ar an bhfreagra chinneadh an Príomhoide an gníomh cuí a bheidh le déanamh. Sa chás go gcinneadh gur cóir gníomhaíocht araíonachta a ghearradh ag an gcéim seo cuirfear ar an eolas tú go bhfuil rabhadh i scríbhinn á thabhairt duit. Cuirfear ar an eolas tú chomh maith go mbeidh gníomhaíocht araíonachta sa bhreis suas go dtí dífhostú agus dífhostú san áireamh i gceist má theipeann ort feabhsú a dhéanamh. Fanfaidh an rabhadh seo ar do chomhad ar feadh 6 mhí.

1.7 Céim 2 Rabhadh Scríofa Deireanach

- 1.8 I gcás go dteipeann ort an feabhsúchán a dhéanamh nó nach gcoinníonn tú leis, eagróidh an Príomhoide cruinniú leat. Tabharfar fógra cúig lá ar a laghad duit i scríbhinn i leith an chruinnithe. Luafar feidhm an chruinnithe agus cineál sonraithe na ngearán san fhógra mar aon le haon cháipéisíocht tacaíochta. Féadfaidh d'ionadaí a bheith i do thionlacan ag an gcruinniú. Beidh ionadaí an BB i dtionlacan an Phríomhoide. Tabharfar deis duit freagra a thabhairt agus do sheasamh a lua ag an gcruinniú. Tar éis machnamh a dhéanamh ar an bhfreagra, cinneadh an Príomhoide agus ionadaí an BB an gníomh cuí a bheidh le déanamh. Sa chás go gcinneadh gur cóir gníomhaíocht araíonachta a ghearradh ag an gcéim seo cuirfear ar an eolas tú go bhfuil rabhadh deireanach i scríbhinn á thabhairt duit. Cuirfear ar an eolas tú chomh maith go mbeidh gníomhaíocht araíonachta sa bhreis suas go dtí dífhostú agus dífhostú san áireamh i gceist má theipeann ort feabhsú a dhéanamh. Fanfaidh an rabhadh seo ar do chomhad ar feadh 9 mhí.

1.9 Céim 4 Dífhostú

- 1.10 Má leanann an ghné áirithe de d'obair nó d'iompair, a bhí faoi bhun an chaighdeáin, a bheith ag an leibhéal sin féadfar tú a dhífhostú i ndiaidh don scoil imscrúdú a dhéanamh.
- 1.11 D'ainneoin an nós thuasluaite, forchoimeádh an scoil an ceart smachta araíonachta a chur ort suas go dtí dífhostú láithreach agus dífhostú láithreach san áireamh i gcás mí-iompair thromchúisigh. I gcás fhoirceannadh d'fhostaíochta de bharr mí-iompair thromchúisigh, ní bheidh tú i dteideal fógra ná i dteideal íocaíochta in ionad an fhógra sin. Is samplaí de mhí-iompair tromchúiseach nach meastar iad a bheith uileghabhálach an méid a leanas:
- i gcás go mbeidh tú ciontach i sárú ábharach nó nach gcomhlíonann tú aon fhoráil den chonradh fostaíochta;
 - i gcás mí-iompair leanúnaigh;
 - i gcás go mbeidh tú ciontach i mórloiceadh nó i bhfaillí thoiliúil i leith do dhualgais a chomhlíonadh nó i leith ghnó na scoile;
 - i gcás drochfheidhmíocht leanúnach oibre;

- i gcás gníomh tromchúiseach mí-ionracais nó gníomhartha leanúnacha mí-ionracais lena n-áirítear gadaíocht ar shealúchas na scoile nó ar shealúchas fostaithe eile;
- i gcás go ndéanfaidh tú dochar, sabaitéireacht nó loiteadh d'aon ghnó do shealúchas na scoile;
- i gcás go sáróidh tú riail shábháilteachta d'aon ghnó nó go dtabharfaidh tú faoi aon ghníomhaíocht atá míshábháilte duitse nó do dhaoine eile nó a chuirfidh isteach ar threalamh na scoile nó ar aon shealúchas eile;
- má bhrionnaíonn aon taifead scoile;
- Loiceadh trí do locht féin treoracha réasúnta a chomhlíonadh;
- Aon sárú iontaoibhe i leith na ndaltaí;
- má bhíonn aon deochanna alcólacha nó drugaí agat (seachas drugaí ar oideas) ar áitreabh na scoil tráth ar bith nó má thiocfaidh tú chun na hoibre agus tú faoi thionchair meiscigh nó drugaí;
- cúis shubstaintiúil eile

1.12 Nuair is gá don scoil imscrúdú a dhéanamh féadfar tú a chur ar fionraí le pá nó gan phá ag fanacht ar thoradh an imscrúdaithe sin; I gcás imscrúdaithe bainfidh an méid a leanas:

- Cuirfear ar an eolas i scríbhinn tú i leith cúis na gníomhaíochta araíonachta molta agus i leith shonraí na líomhaintí;
- Caithfear leat de réir nósanna cothroma agus tabharfar gach cáipéisíocht ábharach duit;
- Cuirfear ar an eolas tú i leith na ngníomhartha araíonachta a d'fhéadfadh a bheith i gceist;
- Beidh an ceart agat do chás a lua;
- Tabharfar tréimhse réasúnta duit roimh chruinniú ionas go mbeidh tú inn freagra a ullmhú agus teacht ar ionadaí;
- Más mian lean is féidir duine de do rogha féin nó ionadaí do cheardchumainn a bheith i do thionlacan nuair is iomchuí. Níltear ag súil le go mbeadh ionadaíocht dhlíthiúil agat;
- Tabharfar deis iomlán duit do chás a chosaint agus féadfaidh tú aon ghearán a cheistiú;
- Cinnteoidh an scoil a mhéid is indéanta go mbeidh fianaithe ar fáil chun fianaise a thabhairt;
- má ghearrfar pionós beidh sé comhréireach;
- Féadfaidh tú achomharc a lorg ón BB má ghearrfar pionós ag céimeanna 1 & 2 den phróiseas smachta;
- In imthosca gurb é dífhostú an pionós araíonachta agus gur mian leat agóid a dhéanamh in aghaidh an dífhostaithe an sin féadfaidh tú an cheist a chur faoi bhráid Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.
- D'fhéadfadh dífhostú gan fógra nó gan pá in ionad fógra a bheith mar thoradh ar shárú ar rialacha na scoile, nós agus cleachtas.

Cuir isteach na cáilíochtaí cuí don phost. Is mar threoir do scoileanna amháin ná samplaí de shonraíochtaí poist a leanas. Ní mór liosta na ndualgas a chur in oiriúint do riachtanais féin gach scoile ³⁰

Sonraíocht poist Rúnaí na Scoile

I dteannta leis na dualgais atá liostaithe comhlíonfaidh an Rúnaí aon dualgas eile a bhaineann leis an ról, a chinnfidh/a ordóidh an príomhoide agus/nó an BB agus/nó ag brath ar riachtanais an Fhostóra/na Scoile. Táthar ag súil le go n-aimseoidh an Rúnaí as a stuaim féin, tascanna/dualgais ar gá dóibh iad a chomhlíonadh mar chuid den ról faoi réir údarú an Phríomhoide/BB mar is iomchuí.

Cibé dualgais atá iomchuí go réasúnach leis an bpost a d'fhéadfaí iad a leagan ort a chomhlíonadh lena n-áirítear ach nach bhfuil siad teoranta don mhéid a leanas nach meastar gur liosta uileghabhálach ná eisíoch é.

Troscán a dheisiú/troscán nua a chur ina áit mar is gá; Dualgais riaracháin ghinearálta.

- 1.02.** Cáipéisí, cuntais, foirmeacha, éilimh srl. a sheiceáil agus iad a imscrúdú i leith cruinnis agus i leith comhsheasmhachta mar a threoirfear.
- 1.03.** Comhfhreagras, foirmeacha, miontuairiscí, litreacha, meamraim srl a chlósscríobh mar a threoirfear.
- 1.04.** Cáipéisíocht a chomhdú.
- 1.05.** Bheith mar chéad phointe teagmhála.
- 1.06.** An fón a fhreagairt agus fiosrúcháin a láimhseáil
- 1.07.** Cruinnithe a eagrú mar a threoirfear.
- 1.08.** Dialann an Phríomhoide a riaradh.
- 1.09.** Orduithe, foréilimh srl a ullmhú i gcomhair iad a shíniú.
- 1.10.** Áirimh uimhríochtúla a dhéanamh agus/nó iad a sheiceáil i gcomhréir le teoracha soiléire.
- 1.11.** Admhálacha a eisiúint agus airgead a fuarthas a thaifeadadh i gcás mion-idirbheart.
- 1.12.** Staitisticí a thiomsú, eolas a achoimriú de réir nósanna díreacha agus seanbhunaithe, meastacháin ar chostas agus ar bhrabús a ullmhú.
- 1.13.** Post/ríomhphost srl. a oscailt, iad a dháileadh mar a threoirfear.
- 1.14.** Stoc stáiseanóireacht oifige srl. a choinneáil
- 1.15.** Innealra oifige a oibriú.
- 1.16.** Fardal sealúchas scoile a choinneáil
- 1.17.** Fótachóipeáil/lannú.
- 1.18.** Teachtaireachtaí a ghlacadh agus iad a sheoladh.
- 1.19.** Logáil isteach ar agus sonraí a chur isteach ar an gcóras ROS ar-líne mar a threoirfidh an Príomhoide.
- 1.20.** Cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí (Text-a-parent, suíomh gréasáin, cláir fógraí srl) i leith dhúnadh na scoile srl. mar a threoirfidh an Príomhoide.
- 1.21.** Taifid cothrom le dáta a choinneáil m.s. Sonraí teagmhála daltaí/tuismitheoirí.
- 1.22.** Sonraí a chur isteach mar a threoirfear,

³⁰ **Scríos an nóta treorach seo**

Sonraíocht poist Airíoch na Scoile

I dteannta leis na dualgais atá liostaithe comhlíonfaidh an Airíoch aon dualgas eile a bhaineann leis an ról, mar a chinnfidh/a ordóidh an príomhoide agus/nó an BB agus/nó ag brath ar riachtanais an Fhóstóra/na Scoile. Táthar ag súil le go n-aimseoidh an tAiríoch as a stuaim féin, tascanna/dualgais ar gá dóibh iad a chomhlíonadh mar chuid den ról faoi réir údarú an Phríomhoide/BB mar is iomchuí.

Cibé dualgais atá iomchuí go réasúnach leis an bpost a d'fhéadfaí iad a leagan ort a chomhlíonadh lena n-áirítear ach nach bhfuil siad teoranta don mhéid a leanas nach meastar gur liosta uileghabhálach ná eisíoch é.

- 1.1.** Aire a thabhairt d'áitreabh na scoile, troscán, trealamh agus feistis agus iad a chothú agus cinntiú go gcoinnítear iad ar chaighdeán agus i gcaoi comhaontaithe/cuí.
 - 1.2.** A mhéid is atá sé indéanta, díobháil do struchtúr, throscán, fheistis agus threalamh na scoile a chosc.
 - 1.3.** Aire a thabhairt d'áitreabh agus d'inneachar na scoile agus a mhéid is atá sé indéanta, díobháil do struchtúr, throscán, fheistis agus threalamh na scoile a chosc.
 - 1.4.** Gach gloine i ndoras i bhfuinneog srl a choinneáil glan.
 - 1.5.** An scoil a athphéinteáil agus í a athchóiriú de réir mar is gá.
 - 1.6.** Cinntiú go dtéitear an scoil a dhóthain le linn thréimhsí fuara na bliana.
 - 1.7.** Breosla agus solas a úsáid go ciallmhar tríd an bhfoirgneamh agus gach úsáid neamhúdraithe díobh a chosc.
 - 1.8.** Eochracha gach seomra san fhoirgneamh a choinneáil slán agus cinntiú nach bhfuil rochtain ag aon duine neamhúdraithe ar an bhfoirgneamh.
 - 1.9.** Bheith freagrach as fearais mhúchta tine a mhaoirsiú agus iad a chothú agus as rialacha dóiteáin a chur i bhfeidhm mar a threoirfear.
 - 1.10.** Clár a choinneáil ar churanna in áireamh na sólainne/halla corpoideachais/seomra ilchuspóireach agus páirceanna imeartha mar a leithdháilfidh an Príomhoide.
 - 1.11.** Gan sealúchas na scoile a thabhairt amach ná é a thógáil ar iasacht gan cead an Phríomhoide ná an Leas-Phríomhoide.
 - 1.12.** Tailte na scoile a choinneáil i ndea-chaolí tríd is tríd.
 - 1.13.** An scoil a oscailt agus í a dhúnadh mar a threoirfidh an Príomhoide.
 - 1.14.** Gach seomra ranga a bheith réidh do ranganna.
 - 1.15.** Seachadadh stórais, ola agus ábhair ilfhóntacha eile a eagrú agus nóta a choinneáil de agus aistriú stóras, trealaimh agus ábhair cosúil leo a eagrú agus nóta a choinneáil díobh.
 - 1.16.** Aon dualgas eile ar gá dó a chomhlíonadh agus go ginearálta aon dualgas eile a éilíonn an Fostóir, an Príomhoide nó duine ainmnithe ó am go ham é a chomhlíonadh.
 - 1.17.** I gcás go n-iarrfaidh ball foirne seachas an Príomhoide ar an Airíoch dualgas réasúnta a chomhlíonadh, comhlíonfar an dualgas sin faoi réir údarú agus faoi réir tosaíochta an Phríomhoide.
 - 1.18.** Monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal breosla agus cinntiú go bhfuil a dhóthain ann i gcónaí i rith na bliana.
 - 1.19.** Teachtaireachtaí a dhéanamh de réir mar a threoirfidh an príomhoide.
- 2.00. Go laethúil**
- 2.01.** Cóin tráchta a chur ós comhair na scoile gach maidin agus iad a bhaint gach tráthnóna
 - 2.02.** Siúl istigh agus timpeall na scoile gach maidin chun a chinntiú go bhfuil na dorchlaí/bealaigh amach srl. saor ó chonstaicí chun an liosta a leanas a sheiceáil agus liosta a dhéanamh d'aon rud gur gá déileáil leis.

- 2.2.1.** Siúl istigh agus timpeall na scoile gach maidin chun a chinntiú go bhfuil na dorchlaí/bealaigh amach srl. saor ó chonstaicí chun an liosta a leanas a sheiceáil agus liosta a dhéanamh d'aon rud gur gá déileáil leis.
- 2.2.2.** Gloine bhriste/fuinneoga ar gá iad a dheisiú láithreach;
- 2.2.3.** Ní mór aon ghraifítí a bhaint láithreach;
- 2.2.4.** Ní mór aon ghraifítí a bhaint láithreach;
- 2.2.5.** Bruscar d'aon chineál a bhaint:
- 2.2.6.** Bruscar d'aon chineál a bhaint:
- 2.2.7.** Bruscar d'aon chineál a bhaint:
- 2.2.8.** Tóg amach gach cathaoir ón halla ilfhóna; i ndiaidh é a úsáid an oíche roimhe;
- 2.2.9.** Cuir de lámh aon troscán atá briste;
- 2.2.10.** Cuir de lámh aon troscán atá briste;
- 2.2.11.** Slíob agus scuab limistéir tílthe go laethúil ar bhonn róta;
- 2.2.12.** Cinntigh leis an bPríomhoide maidir le deisiúcháin phráinneacha agus le deisiúcháin a iarrann múinteoirí ort iad a dhéanamh;
- 2.2.13.** Seiceáil liosta na jabanna breise ar gá iad a dhéanamh, a choinnítear san oifig é agus marcáil an liosta de réir mar a chríochnaítear na jabanna faoi (cuir isteach an t-am) gach lá.

3.00. Go Rialta

- 3.01.** Gach trealamh leictreach a sheiceáil maidir le feistis scaoilte, cáblaí sceite srl.
- 3.2.** Déan an trealamh an halla corpoideachais a sheiceáil i leith slándála agus oiriúnachta leanúnaí don fheidhm .
- 3.3.** Déan an fearas múchta tine a sheiceáil
- 3.4.** Déan aon rud a d'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh do shláinte, do shábháilteacht agus do leas na ndaltaí a thuairisciú agus é a dheisiú.
- 3.5.** Déan aon rud a d'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh do shláinte, do shábháilteacht agus do leas na ndaltaí a thuairisciú agus é a dheisiú.
- 3.6.** Cinntigh go bhfuil uirlisí, trealamh, giuirléidí curtha in áit dhaingean agus slán agus nach bhfuil fáil ag páistí orthu.
- 3.7.** Gearr an féar agus cinntigh nach n-úsáidtear an lomraire féir má bhíonn páistí cóngarach dó.
- 3.8.** Aimsigh toir ar gá iad a ghearradh/coinnigh gach fál, tor, crann gearrtha agus cinntigh nach contúirt aon cheann acu.
- 3.9.** Glan an ghloine i ngach fuinneog, doras srl. agus glan frámaí na bhfuinneog agus na ndoirse agus timpeall orthu laistigh agus lasmuigh den scoil.
- 3.10.** Cinntigh go bhfuil laistí ann chun na doirse a choinneáil ar oscailt
- 3.11.** Cinntigh go bhfuil laistí ann chun na doirse a choinneáil ar oscailt
- 3.12.** Cinntigh go bhfuil na soilse go léir ag obair laistigh agus lasmuigh den scoil.
- 3.13.** Cinntigh nach bhfuil aon sceitheadh sa díon.
- 3.14.** Cinntigh nach bhfuil aon sceitheadh sa díon.

Le linn drochaimsire.

- 4.01.** Má bhíonn sé ag cur seaca nó sneachta, cuir salann ar an gcosán os comhair na scoile in aice an bhóthair, ón ngeata go dtí an doras tosaigh, ar an gcarrchlós agus ar gach cosán inmheánach ar thailte na scoile.
- 4.2.** Ar maidineacha taise/fliucha cinntigh go dtriomaítear na hurláir nuair atá na páistí tagtha isteach.
- 4.3.** Cinntigh go bhfuil an córas teasa ag obair i gceart agus go bhfuil an teocht ag an leibhéal ceart.

5.00. Laethanta Saoire na Scoile

Cinnfidh an Príomhoide an liosta ar bhonn bliantúil roimh laethanta saoire na scoile. Ní mór an obair go léir a chríochnú faoin spriocdháta atá tugtha. Seo samplaí den chineál oibre gur gá í a dhéanamh;-

5.01. Péinteáil

5.02. An coire-theach a ghlanadh amach;

5.3. Gach limistéar tílithe a scamh agus snas a chur air;

5.4. Obair chothabhála a dhéanamh ar throsacán agus ar threalamh mar is cuí;

5.5. Troscán a dheisiú/troscán nua a chur ina áit mar is gá;

5.6. Cinntigh go dtugtar faoi aon obair athchóirithe;

5.7. Cinntigh go dtugtar faoi aon obair ar gá í a dhéanamh go laethúil/go rialta de réir mar is gá.

Sonraíocht Phoist don Choimhdire Bus

I dteannta leis na dualgais atá liostaithe comhlíonfaidh an Coimhdire Bus aon dualgas eile a bhaineann leis an ról, a chinnfidh/a ordóidh an príomhoide agus/nó an BB agus/nó ag brath ar riachtanais an Fhostóra/na Scoile. Troscán a dheisiú/troscán nua a chur ina áit mar is gá;

Cibé dualgais atá iomchuí go réasúnach leis an bpost a d'fhéadfaí iad a leagan ort a chomhlíonadh lena n-áirítear ach nach bhfuil siad teoranta don mhéid a leanas nach meastar gur liosta uileghabhálach ná eisíoch é.

- 1.02.** Tá sé freagrach as sábháilteacht na bpáistí nuair a osclaítear na doirse roimh "stad" agus roimh "ghluaiseacht ar aghaidh"
- 1.03.** Cabhair a thabhairt do pháistí dul ar bord agus tuirlingt ón iompras scoile go sábháilte
- 1.04.** Cinntigh go bhfuil na páistí go léir ina suí agus go bhfuil strapaí agus úmacha sábháilteachta cuí orthu má bhonn siad ann.
- 1.05.** Cinntigh go bhfuil duine freagrach ann do gach páiste ag an áit tuirlingthe.
- 1.06.** Déan na páistí a mhaoirsiú ar iompras na scoile agus ag dul go dtí agus ag teacht ón iompras scoile isteach agus amach ó na seomraí ranga.
- 1.07.** Coinnigh caidreamh maith le tiománaí iompras na scoile
- 1.08.** Bí mar theagmhálaí idir an bPríomhoide agus/nó an múinteoir ranga nuair is gá i.e. teachtaireachtaí agus litreacha a thabhairt do thuismitheoirí.
- 1.09.** Coinnigh gach gné den obair rúnda.
- 1.10.** Bí ar an eolas maidir le míchumais na ndaltaí ar iompras na scoile agus faigh treoir ón bPríomhoide maidir le conas déileáil leis sin m.s. titimeas srl.
- 1.11.** Déan aon dualgas a bhaineann le post an choimhdire, a d'fheadfadh an Príomhoide iad a leagan síos ó am go ham, a chomhlíonadh.
- 1.12.** Gan iompras na scoile a fhágáil seachas i gcúinsí eisíocha.
- 1.13.** Cinntigh go bhfuil sé/sí san áit chuí ar iompras na scoile ionas go mbeidh an smacht is fearr aige/aici ar na páistí.
- 1.14.** Gach ábhar buartha a thuairisciú don bPríomhoide agus/nó Múinteoir Ranga.

Sonraíocht Phoist Ghlantóir na Scoile

I dteannta leis na dualgais atá liostaithe comhlíonfaidh an Glantóir aon dualgas eile a bhaineann leis an ról, a chinnfidh/a ordóidh an príomhoide agus/nó an BB agus/nó ag brath ar riachtanais an Fhostóra/na Scoile. Táthar ag súil le go n-aimseoidh an Glantóir as a stuaim féin, tascanna/dualgais ar gá dóibh iad a chomhlíonadh mar chuid den ról faoi réir údarú an Phríomhoide/BB mar is iomchuí.

Cibé dualgais atá iomchuí go réasúnach leis an bpost a d'fhéadfaí iad a leagan ort a chomhlíonadh lena n-áirítear ach nach bhfuil siad teoranta don mhéid a leanas nach meastar gur liosta uileghabhálach ná eisíoch é.

1.00. Go laethúil

Gach seomra lena n-áirítear seomra ranga, seomraí acmhainne, oifige, seomraí ilfhóna, an seomra foirne, na seomraí cótaí, an chistin, na dorchlaí agus na staighrí a glanadh ar bhonn laethúil. Gach urlár a scuabadh/a fholúsghlanadh, boird, cuntair, doirtíl, hanlaí dorais agus ráillí láimhe a ghlanadh le dífhabhtán agus gloine sna doirse a ghlanadh.

- 1.02.** Boscaí bruscar a fholmhú, iad a ghlanadh le dífhabhtán agus málaí nua a chur iontu.
- 1.03.** Limistéir a bhfuil cairpéad iontu a fholúsghlanadh agus dusta a bhaint ó na dromchlánna go léir m.s. leacanna na gclár dubh srl.
- 1.04.** Limistéir tílithe a ghlanadh agus iad a ní nó iad a slíob.
- 1.05.** Na cuntar, na doirtíl agus na ballaí in aice leo i ngach seomra m.s. seomraí ranga, seomra foirne srl. a nigh le glantach agus iad a shruthlú.
- 1.06.** Leithris agus gach limistéar a bhfuil earraí sláintíochta ann m.s. seomraí ranga, seomraí acmhainne srl a ghlanadh ar bhonn laethúil. Na hurláir a ghlanadh agus iad a nigh le dífhabhtán. Leithris, doirtíl agus aon earraí sláintíochta eile, hanlaí dorais, dáileoir gallúnaí, dáileoir tuáillí páipéir srl a ghlanadh go hiomlán le glantach agus iad a dhífhabhrú. dáileoirí páipéar leithris agus gallúnaí a athlíonadh de réir mar is gá.
- 1.07.** Dorchlaí a ghlanadh ar bhonn laethúil. Dusta a ghlanadh ó chláir sciorta le scuab bog/ceirt, dorchlaí a nigh agus iad a shlíob gach lá.
- 1.08.** Ní mór áiteanna ina stóráiltear trealamh glantacháin a choinneáil glan agus slachtmhar. Ní mór gach clár agus caipín a chur ar ais go daingean ar bhuidéil srl. Ní mór mapaí a ghlanadh go hiomlán. Ní mór cófraí a bhfuil earraí glantacháin iontu a choinneáil faoi ghlas.
- 1.09.** Ní mór don ghlantóir a chinntiú go n-úsáidtear ábhair/trealamh cuí ionas nach dtarlóidh aon traséilliú

2.00. Go seachtainiúil

- 2.01.** Ní mór an chistin a ghlanadh go hiomlán agus gach fearas/cófra a ghlanadh amach le dífhabhtán.
- 2.02.** An troscán a ghlanadh
- 2.03.** Aon troscán a bhfuil roithlíní air a bhogadh agus an limistéar taobh thiar de a fholúsghlanadh agus é a ghlanadh go hiomlán.
- 2.04.** Radaitheoirí agus píobáin a ghlanadh le glantán agus an balla taobh thiar do radaitheoirí a ghlanadh.
- 2.05.** Gach dromchla crua a ghlanadh agus an dusta a bhaint m.s. leacanna na bhfuinneog, leacanna os cionn doirse, clár dubh, cláir fógraí, srl.

3.00. Gach Téarma - Bristí Iár-théarma, Nollaig, Cáisc, Samhradh

- 3.01.** Gach cuntar agus troscán i seomraí ranga, oifigí, seomraí acmhainne, seomra foirne srl. a ghlanadh go hiomlán.

- 3.02.** Marcanna ar obair phéinte, ballaí, srl. i seomraí ranga, dorchlaí, oifigí, seomra foirne agus seomraí acmhainne srl, a nigh/a bhaint go leibhéal na gualainne.
- 3.03.** Radaitheoirí, cláir sciorta, píobáin srl. a nigh